Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Márta 2024
(OR. en)

7065/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0054 (NLE)**

ENER 98
ENV 226
CLIMA 89
IND 108
RECH 88
COMPET 233
ECOFIN 245

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le leanúint de bhearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás |

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le leanúint de bhearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de, i gcomhar le hAirteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Mholadh seo na Ballstáit a spreagadh chun leanúint de na bearta reatha maidir le laghdú ar éileamh ar ghás a ghlactar de bhun Rialacháin (AE) 2022/1369 ón gComhairle[1] chun laghdú 15 % ar éileamh ar ghás a bhaint amach i gcomparáid leis an tréimhse thagartha ón 1 Aibreán 2017 go dtí an 31 Márta 2022. Is é is aidhm don Mholadh seo freisin na Ballstáit a spreagadh chun leanúint dá dtuairisciú reatha do Eurostat ar laghdú ar éileamh, lena n-áirítear miondealú ar thomhaltas gáis in aghaidh na hearnála.

(2) Glacadh Rialachán (AE) 2022/1369 i bhfianaise na géarchéime soláthair gáis a tharla mar gheall ar an bhfogha míleata arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin. Is é is aidhm dó éileamh an Aontais ar ghás a laghdú ar bhonn deonach agus, más gá, ar bhonn sainordaitheach, agus ar an gcaoi sin líonadh na n-acmhainní stórála a éascú, luaineacht praghsanna a bhainistiú agus ullmhúchán níos fearr a áirithiú le haghaidh aon suaite eile soláthair. Glacadh é i bhfianaise an ghéarghá atá ann go ngníomhódh an tAontas trí bhíthin bearta sealadacha de mheon dlúthpháirtíochta i measc na mBallstát.

---

1 Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

(3) De bhun Rialachán (AE) 2022/1369, bhí na Ballstáit lena ndícheall a dhéanamh laghdú 15 % ar a dtomhaltas gáis a bhaint amach, ar dtús sa tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Márta 2023 agus, tar éis do Rialachán (AE) 2023/706[1] ón gComhairle síneadh a chur le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/1369, sa tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2024. I gcás nach leor na bearta deonacha maidir le laghdú ar éileamh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go mbeadh ganntanas tromchúiseach soláthair ann, tugadh de chumhacht don Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, foláireamh ar leibhéal Aontais a fhógairt, lena spreagfaí oibleagáid shainordaitheach maidir le laghdú ar éileamh. Ghlac na Ballstáit bearta chun a n-éileamh féin ar ghás a laghdú de mheon dlúthpháirtíochta as ar tháinig laghduithe iarbhír de níos mó ná 15 % ar an éileamh ar ghás ar fud an Aontais ó mhí Lúnasa 2022 go mí na Nollag 2023.

(4) De bhun Rialachán (AE) 2022/1369, rinne an Coimisiún athbhreithniú nua ar an Rialachán sin faoin 1 Márta 2024, i bhfianaise na staide ginearálta maidir leis an soláthar gáis chuig an Aontas, agus chuir sé tuarascáil ar a phríomhthorthaí faoi bhráid na Comhairle.

---

1 Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle an 30 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/1369 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse laghdaithe éilimh i gcás bearta laghdaithe éilimh le haghaidh gáis agus cur chun feidhme an tuairiscithe agus an fhaireacháin ar na bearta sin a threisiú (IO L 93, 31.3.2023, lch. 1).

(5) Sa tuarascáil uaidh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil staid ghinearálta shlándáil an tsoláthair gáis fós íogair, cé go bhfuil feabhas tagtha ar an staid maidir le slándáil an tsoláthair gáis a bhuí le hinfheistíochtaí spriocdhírithe agus roinnt beart, lena n-áirítear laghdú ar éileamh de bhun Rialachán (AE) 2022/1369. Tá an margadh gáis domhanda fós docht agus ní mheastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar acmhainneachtaí leachtaithe domhanda roimh 2025-2027, agus tá rioscaí eile fós ann a d'fhéadfadh meath a chur ar staid reatha shlándáil an tsoláthair. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin gur chuir an laghdú ar éileamh go mór le deireadh a chur de réir a chéile le soláthar tuairim is 65 bhilliún méadar ciúbach (bcm) de ghás ón Rúis in 2023, go príomha in earnálacha na dteaghlach agus na tionsclaíochta. In 2023, bhí an laghdú ar éileamh ríthábhachtach chun teacht chuig deireadh an gheimhridh agus leibhéil stórála leordhóthanacha ann agus chun an tsolúbthacht is gá a thabhairt sa samhradh chun an oibleagáid stórála 90 % a leagtar síos le Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a bhaint amach.

---

1 Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (IO L 280, 28.10.2017, lch. 1).

(6) Léiríonn an luaineacht mhór praghsanna a bhí ann le déanaí, lena n-áirítear le linn shamhradh agus fhómhar 2023 nuair a tháinig méadú níos mó ná 50 % ar phraghsanna laistigh de chúpla seachtain de bharr imeachtaí cosúil leis an stailc i saoráidí onnmhairithe gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) na hAstráile agus suaitheadh phíblíne Idirnascaire Mhuir Bhailt (Balticconnector), go bhféadfaidh turraingí measartha beag maidir leis an éileamh agus an soláthar dul i bhfeidhm ar phraghsanna an mhargaidh i gcónaí. Faoi na dálaí sin, d'fhéadfadh an imní go n-éireodh an soláthar gáis nádúrtha gann freagairtí sistéamacha a spreagadh ar fud an Aontais, rud a mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha aige ar phraghsanna fuinnimh. Thairis sin, tá laghdú suntasach tagtha ar infhaighteacht na soláthairtí foriomlána gáis don Aontas i gcomparáid leis na dálaí a bhí ann roimh an ngéarchéim, mar gheall ar an laghdú mór ar allmhairí gáis píblíne ón Rúis le bliain anuas. In 2023, fuair an tAontas thart ar 25 bcm de ghás ón Rúis trí phíblínte agus ní raibh i soláthairtí ón Rúis ach 15 % d'allmhairí iomlána an Aontais (gás píblíne agus GNL), i gcomparáid le 45 % in 2021.

(7) I bhfianaise na cothromaíochta doichte atá fós ann idir an soláthar agus an t-éileamh, d'fhéadfadh mórthionchar a bheith ag suaitheadh an tsoláthair gáis ar phraghsanna gáis agus leictreachais agus d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh do gheilleagar an Aontais, trí chur isteach ar a iomaíochas, agus tionchar diúltach a imirt ar shaoránaigh agus gnóthais an Aontais. Chuige sin, moltar do na Ballstáit laghdú comhordaithe leanúnach a dhéanamh ar an éileamh de mheon dlúthpháirtíochta, *inter alia*, chun athlíonadh na n-acmhainneachtaí stórála a chumasú ar bhealach éifeachtúil agus leis an suaitheadh is lú is féidir ar an margadh, rud a chuireann le slándáil an tsoláthair gáis roimh gheimhreadh 2024-2025. Le coigiltis réamhghníomhacha agus comhordaithe, laghdaítear an baol go mbeadh tionchar diúltach ag ganntanais fhéideartha gháis ar iomaíochas thionscail an Aontais.

(8) Ó tháinig Rialachán (AE) 2022/1369 i bhfeidhm, tá feabhas suntasach tagtha ar leibhéal na hullmhachta sa mhargadh gáis agus ar shlándáil soláthair an Aontais. Mar sin féin, tá rioscaí fós ann do shlándáil sholáthar fuinnimh an Aontais ós rud é go bhfuil an staid dhomhanda ar an margadh gáis fós docht agus tá praghsanna fós níos airde ná na leibhéil roimh an ngéarchéim. Tá an staid sin níos measa fós mar gheall ar luaineacht sa mhargadh a eascraíonn *inter alia* as cúinsí geopholaitiúla diana, rud a léirítear leis an ngéarchéim sa Mheánoirthear agus sa Mhuir Rua, i measc géarchéimeanna eile. Mar gheall ar shuaitheadh an tsoláthair gáis agus an doichte a bhí ann ar an margadh le míonna anuas, tá 12 Bhallstát fós ar an leibhéal luathrabhaidh nó ar an leibhéal foláirimh, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2017/1938.

(9) Na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le slándáil an tsoláthair, déantar níos measa iad le roinnt rioscaí breise, lena n-áirítear dul in éag an chomhaontaithe reatha maidir le hidirthuras gáis tríd an Úcráin faoin 31 Nollaig 2024, trína ndearnadh timpeall ar 14 bcm a iompar in 2023. I measc rioscaí eile, tá teacht aniar a d'fhéadfadh a tharlú in éileamh GNL na hÁise lena laghdófaí infhaighteacht gáis ar an margadh gáis domhanda, geimhreadh fuar 2024-2025 a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le méadú suas le 30 bcm ar an éileamh ar ghás san Aontas, teagmhais adhaimsire a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don stóráil hidreachumhachta agus don táirgeadh núicléach mar gheall ar leibhéil ísle uisce, agus an méadú ina dhiaidh sin ar an éileamh ar ghiniúint cumhachta gásadhainte. Eascraíonn rioscaí breise as suaitheadh ionchasach ar bhonneagair chriticiúla, amhail i gcás gníomhartha sabaitéireachta i gcoinne phíblínte Nord Stream i mí Mheán Fómhair 2022 nó an tsuaite i bpíblíne Balticconnector i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus as an meath atá ag teacht ar an timpeallacht gheopholaitiúil, go háirithe i dtíortha agus réigiúin atá ábhartha do shlándáil an tsoláthair fuinnimh san Aontas, amhail an Úcráin agus an Meánoirthear.

(10) Tá na margaí domhanda gáis fós docht agus meastar go bhfanfaidh siad amhlaidh go ceann tréimhse áirithe ama. Mar a thug an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) dá haire ina Tuarascáil Mheántéarmach maidir le Gás 2023, níor tháinig ach méadú beag ar an soláthar domhanda GNL in 2022 (4 %) agus in 2023 (3 %). San Ionchas ar Fhuinneamh Domhanda uaidh in 2023, tugann IEA dá aire go meastar go leanfaidh cothromaíochtaí margaidh de bheith forbhásach amach anseo go dtí go dtiocfaidh acmhainneachtaí nua GNL ar líne, rud a tharlóidh sa tréimhse 2025-2027.

(11) Le Treoracha (AE) 2023/1791[1] agus (AE) 2023/2413[2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a glacadh le déanaí, cuideofar le spriocanna dícharbónaithe an Aontais a bhaint amach agus leis an éileamh a laghdú go struchtúrach go luath amach anseo, i gcomhréir le hAthbhreithniú Domhanda COP28 ina n-aithnítear an gá atá le haistriú ó bhreoslaí iontaise sna córais fuinnimh ar bhealach cóir, eagraithe agus cothrom. Cé nach mbeidh na bearta atá le glacadh ag na Ballstáit chun na Treoracha sin a thrasuí i bhfeidhm go fóill, den chuid is mó, le linn thréimhse chur i bhfeidhm an Mholta seo, cuideoidh bearta den sórt sin leis an éileamh ar ghás a laghdú sna blianta i ndiaidh thrasuí na dTreoracha sin. Ós rud é nach gá cuid de bhearta tábhachtach a leagtar amach sna Treoracha a thrasuí ach faoi mhí Dheireadh Fómhair 2025, is iomchuí a mholadh go ndéanfar an t-éileamh ar ghás a laghdú le linn na hidirthréimhse go dtí go dtarlóidh trasuí na dTreoracha sin.

---

[1] Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (IO L 231, 20.9.2023, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/1791/oj).

[2] Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n- aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle, (IO L 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).

(12) Leis an laghdú ar éileamh ar ghás arna dhéanamh ag na Ballstáit, is féidir rannchuidiú go háirithe le saoráidí stórála faoi thalamh a líonadh, chun leibhéil leordhóthanacha shlándáil an tsoláthair a áirithiú le haghaidh gheimhreadh 2024-2025 agus chun an cás a sheachaint ina mbuanófaí na ganntanais líonta go dtí geimhreadh 2025-2026. Má leanfar den éileamh ar ghás a laghdú, cuideofar freisin leis an mbrú anuas ar phraghsanna a choinneáil ar bun, rud a théann chun tairbhe do thomhaltóirí an Aontais agus don iomaíochas tionsclaíoch.

(13) Níor cheart go ndéanfaí difear leis an moladh maidir le gás a choigilt don ghá atá ann cloí le cuspóirí dícharbónaithe na mBallstát. Leis an Moladh seo, dá bhrí sin, níor cheart na Ballstáit a dhídhreasú chun leanúint de bheith ag aistriú ó ghual go gás le haghaidh giniúint leictreachais, mar shampla, i gcás ina gcuideoidh an t-aistriú sin leis na Ballstáit a gcuspóirí dícharbónaithe a bhaint amach, mar a leagtar amach ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide iad, arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

---

[1] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoracha 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE, agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

(14) Leis na forálacha maidir le héileamh a laghdú den Mholadh seo, leantar d’imthosca sonracha a aithint. Agus cinneadh á dhéanamh faoi bhearta maidir le héilimh ar ghás a laghdú, féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chúinsí sonracha den sórt sin a chur san áireamh, i measc cúinsí eile, tríd an sprioc maidir le héileamh ar ghás a laghdú, i gcás ina bhfuil géarchéim leictreachais roimh Bhallstát, mar a thagraítear di i Rialachán (AE) 2019/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. D’fhéadfaí a áireamh i gcás mar sin teorainn a bheadh comhréireach le méadú suntasach ar úsáid gáis chun cumhacht a ghiniúint, rud is gá chun i bhfad níos mó leictreachais a onnmhairiú chuig Ballstát comharsanachta, de bharr imthosca eisceachtúla, mar shampla hidreachumhacht íseal nó infhaighteacht íseal núicléach sa Bhallstát lena mbaineann, nó i mBallstát comharsanachta a n-onnmhairítear i bhfad níos mó leictreachais chuige,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Rialachán (AE) 2019/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais agus lena n- aisghairtear Treoir 2005/89/CE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 1).

1. Gan dochar dá n-oibleagáidí de bhun Rialachán (AE) 2017/1938, moltar do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí sa soláthar gáis, d'fhonn slándáil sholáthar gáis an Aontais a choimirciú, de mheon dlúthpháirtíochta, trí chomhordú, faireachán agus tuairisciú níos fearr a dhéanamh ar bhearta náisiúnta maidir le laghdú ar an éileamh ar ghás.

2. Chun críche an Mholta seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'tomhaltas gáis' soláthar foriomlán gáis nádúrtha le haghaidh gníomhaíochtaí ar chríoch Ballstáit, lena n-áirítear tomhaltas deiridh teaghlach, tionscal agus giniúna leictreachais, cé is moite, *inter alia*, de gás a úsáidtear chun acmhainneachtaí stórála a líonadh, i gcomhréir leis an sainmhíniú ar 'soláthar, claochlú agus tomhaltas gáis' a úsáideann an Coimisiún (Eurostat);

(b) ciallaíonn 'tréimhse thagartha' an tréimhse ón 1 Aibreán 2017 go dtí an 31 Márta 2022;

(c) ciallaíonn 'tomhaltas gáis tagartha' toirt meántomhaltais gáis Ballstáit le linn na tréimhse tagartha; le haghaidh na mBallstát inar tháinig méadú 8 % ar a laghad ar thomhaltas gáis sa tréimhse ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Márta 2022 i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse tagartha, ní chiallaíonn 'tomhaltas gáis tagartha' ach toirt an tomhaltais gáis sa tréimhse ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Márta 2022;

(d) ciallaíonn 'amhábhar' 'úsáid neamhfhuinnimh gáis nádúrtha', dá dtagraítear ag an gCoimisiún i ríomhanna cothromaíochtaí fuinnimh(Eurostat).

3. Moltar do na Ballstáit laghdú 15 % ar a laghad a chur ar a dtomhaltas gáis sa tréimhse ón 1 Aibreáin 2024 go dtí an 31 Márta 2025 (‘an tréimhse laghdaithe’) i gcomparáid lena meántomhaltas gáis sa tréimhse thagartha.

4. Chun tomhaltas gáis a laghdú i ngach Ballstát le linn na ‘tréimhse laghdaithe’, moltar go mbeadh an t-éileamh ar ghás 15 % níos ísle i gcomparáid leis an tomhaltas gáis tagartha.

5. Níl an Moladh seo dírithe ar Bhallstát nach bhfuil a chóras leictreachais sioncrónaithe ach le córas leictreachais tríú tír i gcás ina ndéanfar é a dhíshioncrónú ó chóras an tríú tír sin agus fad a cheanglaítear seirbhís córais cumhachta leithlisithe nó seirbhísí eile leis an oibreoir córais tarchurtha cumhachta a bheith ann chun oibriú sábháilte iontaofa an chórais cumhachta a áirithiú.

6. Níl an Moladh seo dírithe ar Bhallstát fad is nach mbeidh an Ballstát sin idirnasctha go díreach le córas idirnasctha gáis aon Bhallstáit eile.

7. Chun críocha na sprice maidir leis an éileamh ar ghás a laghdú dá dtagraítear i bpointe 4, féadfaidh na Ballstáit a dhéanfaidh cinneadh maidir le bearta maidir le laghdú ar éileamh ar ghás breathnú ar imthosca sonracha a chur san áireamh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) tríd an méid gáis atá cothrom leis an difríocht idir a sprioc idirmheánach don 1 Lúnasa 2022, a leagtar síos in Iarscríbhinn 1a a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], agus toirt iarbhír an gháis stóráilte mar a bhí an 1 Lúnasa 2022 a asbhaint ón tomhaltas gáis tagartha a úsáidtear chun an sprioc maidir le héileamh ar ghás a laghdú a ríomh, i gcás inar chomhlíon siad an sprioc idirmheánach ar an dáta sin;

(b) an méid gáis a ídítear le linn na tréimhse tagartha mar bhunábhar a asbhaint ón tomhaltas tagartha gáis a úsáidtear chun an sprioc maidir le héileamh a laghdú a ríomh;

(c) coigeartú a dhéanamh ar an tomhaltas tagartha gáis a úsáidtear chun an sprioc maidir le héileamh a laghdú a ríomh trí mhéid an tomhaltais mhéadaithe gáis a eascraíonn as an athrú ó ghual go gás a úsáidtear le haghaidh téamh ceantair a asbhaint, i gcás ina mbeidh an méadú sin cothrom le 8 % ar a laghad sa tréimhse ón 1 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Márta 2024 i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse tagartha agus a mhéid atá an méadú sin inchurtha go díreach i leith an aistrithe;

---

1 Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1938 agus (CE) Uimh. 715/2009 i dtaca le stóráil gáis (IO L 173, 30.6.2022, lch. 17).

(d) an sprioc laghdaithe éilimh a ísliú 8 bpointe céatadáin, más rud é gur lú ná 50 % idirnasc an Bhallstáit le Ballstáit eile i dtéarmaí acmhainneacht dhocht theicniúil onnmhairiúcháin, i gcomparáid lena thomhaltas bliantúil gáis in 2021, agus más rud é go ndearnadh an acmhainneacht maidir le hidirnascairí le Ballstáit eile a úsáid i ndáiríre chun gás a iompar ar leibhéal 90 % ar a laghad ar feadh na míosa roimhe sin, mura féidir leis an mBallstát a thaispeáint nach raibh aon éileamh ann agus gur uasmhéadaíodh an acmhainneacht, agus go bhfuil a chuid saoráidí GNL intíre réidh, ó thaobh na tráchtála de agus go teicniúil, chun gás a atreorú chuig Ballstáit eile suas leis na toirteanna a theastaíonn ón margadh;

(e) aon spriocanna laghdaithe éilimh a laghdú go sealadach chun maolú a dhéanamh ar an riosca don soláthar leictreachais a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le géarchéim leictreachais ar a chríoch an Bhallstáit féin nó i mBallstát comharsanachta, go háirithe mura bhfuil aon roghanna eacnamaíocha eile ann le teacht in ionad an gháis is gá chun leictreachas a tháirgeadh gan slándáil an tsoláthair a chur i mbaol go tromchúiseach. I gcás ina gcinnfidh Ballstát an sprioc laghdaithe éilimh a laghdú, moltar dó an Coimisiún a chur ar an eolas faoina chinneadh agus faoi na cúiseanna atá leis sin.

8. Ba cheart na bearta a roghnaíonn na Ballstáit chun an t-éileamh a laghdú a bheith sainithe go soiléir, trédhearcach, comhréireach, neamh-idirdhealaitheach agus infhíoraithe.

9. Le linn dóibh bearta maidir le laghdú ar éileamh ar ghás a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar chustaiméirí, cé is moite de na custaiméirí faoi chosaint mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 5, de Rialachán (AE) 2017/1938 iad, moltar do na Ballstáit critéir oibiachtúla thrédhearcacha a leanúint lena gcuirfear san áireamh a dtábhacht eacnamaíoch mar aon leis na gnéithe seo a leanas, i measc gnéithe eile:

(a) tionchar an tsuaite ar shlabhraí soláthair atá criticiúil don tsochaí;

(b) na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann i mBallstáit eile, go háirithe ar shlabhraí soláthair na n-earnálacha iartheachtacha atá ríthábhachtach don tsochaí;

(c) an damáiste fadtéarmach a d'fhéadfadh a bheith ann do shuiteálacha tionsclaíocha;

(d) na féidearthachtaí maidir le tomhaltas a laghdú agus táirgí ionadacha a úsáid san Aontas.

10. Agus cinneadh á dhéanamh faoi na bearta maidir le laghdú ar éileamh ar ghás, moltar do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar bhearta chun an méid gáis a ídítear in earnáil an leictreachais a laghdú, ar bhearta chun athrú breosla a spreagadh sa tionsclaíocht, ar fheachtais múscailte feasachta náisiúnta, agus ar oibleagáidí spriocdhírithe chun téamh agus fuarú a laghdú, chun athrú go breoslaí eile a chur chun cinn agus tomhaltas na tionsclaíochta a laghdú.

11. Moltar do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas i ndáil le bearta maidir le laghdú ar éileamh ar ghás nár tugadh fógra ina leith don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2022/1369.

12. Moltar do na Ballstáit leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme aon bhirt maidir le laghdú ar éileamh ar ghás ar a gcríoch agus a dtomhaltas gáis (i dteirigiúil, TJ) a thuairisciú don Choimisiún trí Eurostat gach 2 mhí ar a laghad agus tráth nach déanaí ná an 15ú lá den mhí ina dhiaidh sin.

13. Moltar go n-áireofaí sa tuairisciú do Eurostat miondealú ar an tomhaltas gáis in aghaidh na hearnála, lena n-áirítear an tomhaltas sna hearnálacha seo a leanas:

(a) ionchur gáis le haghaidh giniúint leictreachais agus teasa;

(b) tomhaltas gáis i dtionscal;

(c) tomhaltas gáis teaghlach agus seirbhísí.

14. Chun críoch phointe 2(a) agus (d), phointe 12 agus phointe 13, ba cheart a mheas gur ábhartha na sainmhínithe agus na coinbhinsiúin staidrimh a bunaíodh i Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

15. Moltar don Choimisiún tacú le cur chun feidhme an Mholta seo, in éineacht leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis arna bhunú le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1938, trí fhaireachán a dhéanamh ar an laghdú ar éileamh a bhaintear amach in aghaidh na hearnála agus ar na bearta maidir le laghdú ar éileamh ar ghás arna ndéanamh.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh (IO L 304, 14.11.2008, lch. 1).